Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**10066/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0138(COD)**

**TRANS 419**
**CODEC 946**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 310 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i dtaca le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur i gcrích |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 310 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 310 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.6.2021
COM(2021) 310 final

2018/0138 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur i gcrích**

2018/0138 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur i gcrích**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018) 277 final – 2018/0138 COD): | an 17 Bealtaine 2018. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | an 17 Deireadh Fómhair 2018. |
| An dáta a ghlac Coiste na Réigiún a Thuairim maidir leis an togra: | an 7 Feabhra 2019. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | an 13 Feabhra 2019. |
| Dáta an chomhaontaithe ón gComhairle maidir le cur chuige ginearálta: | an 2 Nollaig 2019. |
| Dátaí na gcruinnithe tríthaobhacha: | an 3 Feabhra 2020.<br>an 18 Bealtaine 2020.<br>an 8 Meitheamh 2020. |
| An dáta a dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú comhréitigh: | an 17 Meitheamh 2020. |
| An dáta a vótáil Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht Pharlaimint na hEorpa chun an comhaontú comhréitigh a fhormhuiniú: | an 14 Iúil 2020. |
| An dáta a ghlac Coiste na mBuanionadaithe an seasamh ón gComhairle (Mír I/A): | an [9] Meitheamh 2021. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle, an chéad léamh: | an [14] Meitheamh 2021. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

An togra ón gCoimisiún maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích, cuireadh i láthair é mí na

Bealtaine 2018 mar chuid den tríú pacáiste soghluaisteachta (Europe on the Move [An Eoraip ag Gluaiseacht]). Tá an togra ríthábhachtach chun croíghréasán TEN-T a chur i gcrích faoi 2030, an sprioc-am a comhaontaíodh, trí bhíthin laghdú a dhéanamh ar na moilleanna a thagann chun cinn agus tionscadail a bhaineann le bonneagar TEN-T á gcur chun feidhme. Tá sé d'aidhm aige freisin tuilleadh soiléireachta a bhaint amach maidir leis na próisis nach mór do thionscnóirí tionscadail a leanúint, go háirithe a mhéid a bhaineann le deonú ceadanna, soláthar poiblí agus nósanna imeachta eile.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Athrú ar an ionstraim ó Rialachán go Treoir

An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, a glacadh an 14 Meitheamh 2021 agus a léiríonn toradh na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, tá sé éagsúil leis an togra bunaidh ón gCoimisiún i dtaobh a lán gnéithe foirmiúla de bharr an athraithe ar an ionstraim dhlíthiúil ó rialachán go Treoir. D'ainneoin na n-athruithe suntasacha sin ar an togra ón gCoimisiún i ndiaidh na gcruinnithe tríthaobhacha, áfach, cloíonn téacs an chomhaontaithe le cuspóirí an togra bunaidh ón gCoimisiún maidir le nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus éascú níos tapa a bhaint amach le haghaidh an tionscnóra tionscadail.

I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, áirítear an méid seo a leanas ar na hathruithe is mó tábhacht a tugadh isteach:

**Raon feidhme**

Bhí raon feidhme beartaithe ag an gCoimisiún a mbeadh nasc aige le gach tionscadal leasa choitinn ar chroíghréasán TEN-T.

Cuimsítear na nithe seo a leanas anois sa raon feidhme: (1) na naisc trasteorann réamh-shainaitheanta agus na naisc atá in easnamh ar chonairí chroíghréasán TEN-T atá i roinn 1 de chuid III de Rialachán na Saoráide um Chónascadh na hEorpa 2021-2027[1]; (2) tionscadail ar chonairí an chroíghréasáin lena mbaineann níos mó ná EUR 300 milliún. Ní áirítear na tionscadail a bhaineann go heisiach le feidhmchláir theileamaitice, teicneolaíocht nua agus nuáil mar a shainítear i Rialachán TEN-T[2]. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh raon feidhme na Treorach seo a leathnú chun gach tionscadal sa chroíghréasán nó fiú sa ghréasán cuimsitheach a chumhdach.

Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis an leasú sin toisc go n-áirithítear leis go gcumhdófar raon suntasach leathan tionscadal, agus na tionscadail chasta mhóra bhonneagair go háirithe amhail ranna trasteorann.

**An tÚdarás Ainmnithe**

Athraíodh 'an t-údarás inniúil aonair um dheonú ceadanna' a bheartaigh an Coimisiún go 'húdarás ainmnithe', i gcomhréir le hionstraim de chuid Treorach agus na héagsúlachtaí sna Ballstáit á gcur san áireamh. An tsainaithint shoiléir le haghaidh gach tionscadail de chuid údarás ainmnithe a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála le linn an nós imeachta ina iomláine agus lena gcuirtear an fhaisnéis ábhartha ar fáil, éascófar obair na dtionscnóirí tionscadail léi. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis an leasú sin.

[1] Togra COM(2018)438 final ón gCoimisiún ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith an 11 Márta 2021

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lgh. 1–128).

**Sprioc-am maidir leis an nós imeachta um dheonú ceadanna**

Leis an togra bunaidh ón gCoimisiún, beartaíodh nós imeachta arna bhriseadh síos ag roinnt céimeanna éagsúla le tráthchláir thionlacain. I gcomhréir le hionstraim de chuid Treorach, athraíodh an fhoráil, agus dá bhrí sin fágadh níos mó solúbthachta sna céimeanna ar féidir leis na Ballstáit a thuar, ach de bharr an athraithe rinneadh sprioc-am foriomlán 4 bliana a fhorchur chun an nós imeachta iomlán um dheonú ceadanna a thabhairt i gcrích. Cuireadh cosaintí breise i bhfeidhm, eadhon teorannú maidir le faduithe féideartha agus an fhoráil nach mór bonn cirt a bheith le haon fhadú agus nach mór an tionscnóir tionscadail a chur ar an eolas faoi. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis na leasuithe sin.

**An nós imeachta trasteorann um dheonú ceadanna a chomhordú agus ról na gComhordaitheoirí Eorpacha**

Maidir le tionscadail lena bhfuil baint ag dhá Bhallstát, rinneadh an oibleagáid tráthchláir chun sceideal comhpháirteach a cheadú agus a chomhaontú a ailíniú de bheagán. D’ainneoin sin, áirithítear leis an Treoir nach mór do na Ballstáit oibriú i gcomhar ar thionscadail trasteorann maidir le deonú ceadanna. Ar an gcuma chéanna, leasaíodh an fhoclaíocht sna forálacha maidir le ról na gComhordaitheoirí Eorpacha i nósanna imeachta trasteorann um dheonú ceadanna. Le téacs na Treorach áirithítear go bhfaighidh na Comhordaitheoirí Eorpacha faisnéis faoin nós imeachta um dheonú ceadanna, go bhféadfaidh siad teagmhálacha a éascú idir údaráis ainmnithe agus go bhféadfaidh siad faisnéis a iarraidh i gcás nach gcomhlíontar na sprioc-amanna. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis na leasuithe sin.

**Stádas tosaíochta**

Leis an togra ón gCoimisiún beartaíodh gur cheart do thionscnóirí tionscadail agus d’údaráis an chóireáil dhlíthiúil is tapa is féidir a chur ar fáil. Is ann fós don choincheap foriomlán, mar a n-iarrtar ar na Ballstáit go dtabharfaidh na húdaráis tosaíocht do thionscadail a chumhdaítear leis an Treoir le linn an nós imeachta um dheonú ceadanna. Leis an Treoir leasaíodh an fhoráil maidir le nósanna imeachta sonracha um dheonú ceadanna a chur i bhfeidhm i gcás tionscadail tosaíochta atá ann cheana faoin dlí náisiúnta trí thástáil nósanna imeachta sonracha um dheonú ceadanna a cheadú. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis na leasuithe sin.

**Tuairisciú**

Leis an Treoir cuirtear oibleagáid tuairiscithe ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas gach 2 bhliain faoi líon na nósanna imeachta um dheonú ceadanna a thagann laistigh de raon feidhme na Treorach seo, faoi mheánfhad na nósanna imeachta, faoi líon na nósanna imeachta um dheonú ceadanna a théann thar an teorainn ama agus faoi bhunú aon chomhúdaráis. Féadfaidh an Coimisiún glacadh leis an leasú sin.

## 4. Conclúid

Go ginearálta, leis an gcomhaontú a tugadh i gcrích is féidir cuspóirí an togra tosaigh ón gCoimisiún a bhaint amach, agus leibhéal leordhóthanach uaillmhéine á choinneáil ar bun. Is éifeachtúla agus is trédhearcaí a bheidh na nósanna imeachta riaracháin le haghaidh tionscadail bhonneagair de bharr na rialacha nua agus tairbheofar d’earnáil an iompair ina téarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19 trí bhíthin rannchuidiú le tionscadail bonneagair iompair a chur chun feidhme níos tapa. Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.